



Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Ceisteanna Coitianta

C1. Cén chaoi a mbeidh scoileanna rannpháirteach san athbhreithniú?

Go traidisiúnta, bíonn baint mhór ag scoileanna le cur i bhfeidhm na forbartha curaclaim. I gcur chuige an athbhreithnithe seo, beidh scoileanna páirteach i bpróiseas an athraithe oideachais ag céim i bhfad níos luaithe. Cuirfimid tús le dhá shraith comhairliúcháin ar ghnéithe difriúla den tsraith shinsearach le hathbhreithniú bunaithe i scoileanna ó shampla ionadaíocht de 40 scoil , sula gcuirtear comhairliúchán níos leithne ar bun le sraith seimineár náisiúnta. Cuirfimid ábhar spreagtha agus taighde ar fáil do scoileanna, agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun plé foirne sa scoil uile a éascú i rith na sraitheanna comhairliúcháin.

Beidh an t-ábhar ar fad ar fáil ar ncca.ie/an-tsraith-shinsearach chun rannpháirtíocht roghnach, níos leithne, scoileanna eile san athbhreithniú a éascú.

C2. Cén fáth a bhfuiltear ag glacadh leis an gcur chuige sin i leith an athbhreithnithe?

Déanaimid cur síos go minic ar obair CNCM mar thaighde, comhairliúchán, machnamh agus líonrú. Tá feasacht láidir i CNCM ar an luach, an fiúntas agus an tábhacht a bhaineann le hoibriú go díreach agus i gcomhar le scoileanna; léirítear é sin sa líonrú a dhéantar le scoileanna chun tabhairt faoi thaighde, comhairliúchán agus machnamh. I gcás an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach, tugann an cur chuige seo:

- Spás dúinn chun taighde a chur i gcomhthéacs taithí agus comhthéacsanna scoileanna aonair
- Bealach chun deis a thabhairt do phobail scoileanna páirt a ghlacadh go díreach san athbhreithniú, le struchtúr agus tacaíocht, chun smaointe a ghiniúint do threo na sraithe sinsearaí amach anseo
- Deis chun smaointeoireacht, smaointe agus comhairle a ghiniúint a léiríonn an saol mar atá i ndáiríre i scoileanna agus i seomraí ranga ó lá go lá.



Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Ceisteanna Coitianta

B'fhéarr linn an comhchur chuige sin – oibriú go díreach le scoileanna agus trínár struchtúir i CNCM, toisc go gcreidimid go bhfuil sé riachtanach go dtacódh na páirtithe leasmhara leis an gcomhairle a eascraíonn as an athbhreithniú agus go mbeadh an chomhairle bunaithe sa mhéid atá ar bun i ndáiríre ag scoileanna agus a bhféadfaidís a dhéanamh.

C3. Cé na téamaí a fhiosraítear i ngach sraith comhairliúcháin?

Díreofar sa chéad sraith, ó mhí Mheán Fómhair go lár mhí Dheireadh Fómhair 2018, ar *Smaoineamh faoin todhchaí – Cuspóir na Sraithe Sinsearaí*. Breathnóimid ar an gcaidreamh idir eispéireas oideachais scoláirí agus an saol atá/a bheidh ag na scoláirí sin, saol na hoibre, Breisoideachas/ Ardoideachas, agus fiosróimid a dteastóidh ó scoláirí sa tsraith shinsearach as seo go dtí 2030. Sa chomhthéacs sin, déanfaimid machnamh ar chuspóir na sraithe sinsearaí, ar na gnéithe agus na bealaí a chinnteoidimid go bhfuil sí go hiomlán ionchuimsitheach amach anseo, agus ról réimsí ar nós na Folláine agus oideachas saoránachta i sraith shinsearach na todhchaí.

Beidh an dara sraith ar siúl ó mhí na Samhna go mí na Nollag 2018, agus fiosrófar *Conairí agus solúbthacht sa tSraith Shinsearach* ansin. Fiosróimid struchtúr na sraithe sinsearaí, na cláir oideachais lena mbaineann, na conairí atá ar fáil do na scoláirí ar fad. Measfaimid an bhfuil ár struchtúir agus cláir reatha ag teacht le cuspóirí na sraithe sinsearaí atá ag teacht chun cinn ón gcéad timthriall comhairliúcháin.

Déanfaimid machnamh freisin ar an gcaoi leis an gcuraclam a eagrú sna conairí, croí-ábhair nó taithí oibre (bunaithe ar an obair, foghlaim pobail, oideachas saoránachta) a d'fhéadfadh a bheith lárnach do thaithí na sraithe sinsearaí amach anseo, agus an méid rogha a thugtar, nó ba cheart a thabhairt, do scoláirí.



Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Ceisteanna Coitianta

C4. Cé na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do na scoileanna ar fad chun páirt a ghlacadh san athbhreithniú?

Cuirfidh CNCM tuairiscí gairide taighde ar fáil do na scoileanna, ina ndíreofar ar na cláir reatha sa tsraith shinsearach, agus ábhar spreagthach a tharraingíonn ceisteanna anuas le plé i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí. Beidh an t-ábhar ar fad agus na tacaíochtaí ar líne ar fáil do gach scoil chun rannpháirtíocht roghnach, níos leithne, scoileanna eile san athbhreithniú a éascú.

C5. Cé na tacaíochtaí breise a chuirfear ar fáil don 40 scoil atá sa Ghrúpa Athbhreithnithe?

I dteannta na dtacaíochtaí thuasluaite, gheobhaidh gach scoil sa sampla ionadaíoch de 40 scoil:

- deontas beag chun cabhrú leis an obair athbhreithnithe a eagrú sa scoil
- treoir agus tacaíocht d'idirghabhálaí CNCM na scoile ó chomhalta ceaptha i bhfoireann tionscadal CNCM trí chumarsáid ar an bhfón/ar ríomhphost
- clúdach ionadaíochta agus costais taistil chun freastal ar chruinnithe ionduchtaithe, seimineáir náisiúnta, srl.

C6. Céard é ról idirghabhálaí na scoile?

Beidh an duine ainmnithe sin ina phointe teagmhála idir an scoil agus CNCM. Déanfaidh an t-ainmní, i ndlúthchomhar leis an bPríomhoide/Leas-Phríomhoide:

- aon ábhair agus litríocht ó CNCM a roinnt/a scaipeadh i measc a chomhghleacaithe ar scoil
- plé a éascú chun dearcthaí, smaointe agus tuairimí na scoile i leith gach timthrialla comhairliúcháin a bhailiú
- aiseolas na scoile a thabhairt do CNCM, trí fhreagra i scríbhinn a thabhairt ar cheistneoirí an chomhairliúcháin a úsáidfear ag deireadh gach timthrialla comhairliúcháin.



Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Ceisteanna Coitianta

C7. Cén chaoi a n-éascóidh na scoileanna rannpháirtíocht na dtuismitheoirí san athbhreithniú?

Ní mheastar go mbeidh ar scoileanna aon soláthar speisialta a dhéanamh le hais na ngnáthshocruithe do Chumann/Comhairle Tuismitheoirí na scoile ná plé a éascú idir tuismitheoirí agus ionadaithe tuismitheoirí ar bhord bainistíochta na scoile. Is féidir teacht ar ábhar a forbraíodh chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí san athbhreithniú [anseo](#).

C8. Cén chaoi a n-éascóidh na scoileanna rannpháirtíocht na scoláirí san athbhreithniú?

Le blianta beaga anuas, d'oibrigh CNCM le scoileanna chun cur chuige i leith *Ghuth an Scoláire* a fhorbairt, a chuir lenár n-obair chun comhairle a fhorbairt ar chúrsaí curaclaim agus measúnaithe. Is féidir teacht ar ábhar *Ghuth an Scoláire* a forbraíodh chun tacú le rannpháirtíocht scoláirí san athbhreithniú [anseo](#).

C9. Cén chaoi a mbeidh páirtithe leasmhara eile páirteach san athbhreithniú?

Tosóidh an dá thimthriall comhairliúcháin mar phlé bunaithe sa scoil, ach leathnófar ansin iad go sraith seimineár náisiúnta ina mbeidh ionadaithe ó scoileanna agus páirtithe oideachais eile. I ndiaidh gach seimineáir náisiúnta, cuirfear tuarascáil achoimre ar phríomhthorthaí gach timthrialla i dtoll a chéile agus foilseofar í. Úsáidfear torthaí an dá thimthriall comhairliúcháin chun tuarascáil forléargais a chruthú do Chomhairle CNCM agus déanfar comhairliúchán poiblí breise uirthi. I rith an phróisis athbhreithnithe ar fad, pléfidh na struchtúir ionadaíochta in CNCM, an Chomhairle í féin agus Bord na Sraithe Sinsearaí na réimsí a bhaineann leis na timthrialla comhairliúcháin agus leis an athbhreithniú.